

SCÉIM TEANGA
DO
GHAILEARAÍ NÁISIÚNTA
NA HÉIREANN

2017 - 2020

Scéim arna hullmhú faoi Alt 15
d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

ÁBHAR

Cuid 1 - Réamhrá agus Cúlra	Leathanach 3
Cuid 2 - Treoirínte agus Ullmhú na Scéime	Leathanach 3
Cuid 3 - Tosach na Scéime	Leathanach 4
Cuid 4 – Fobhreathnú ar an Ghailearaí Náisiúnta	Leathanach 4
Cuid 5 - Tiomantais ann cheana maidir le Seirbhísí i nGaeilge, sa dá theanga agus i mBéarla	Leathanach 5
Cuid 6 - Sceideal na seirbhísí atá beartaithe fad a mhairfidh an Scéim nua	Leathanach 9
Cuid 7 - Monatóireacht agus Athbhreithniú na Scéime	Leathanach 12
Cuid 8 - Foilsiú na Scéime	Leathanach 13

Cuid 1 - Réamhrá agus Cúlra

Ullmhaíodh an dara scéim seo de chuid Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann (NGI) de réir Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Foráiltear san Acht do scéim reachtúil arna hullmhú ag comhlachtaí poiblí, ina dtugtar mionsonraí i dtaobh na seirbhísí a sholáthraíonn siad

- Trí mheán na Gaeilge
- Trí mheán an Bhéarla, agus
- Trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta atá le glacadh chun a chinntiú go soláthrófar, laistigh de thréimhse ama comhaontaithe, aon seirbhís nach soláthraíonn Gailearaí Náisiúnta na hÉireann trí mheán na Gaeilge.

Cuid 2 - Treoirínte agus Ullmhú na Scéime

Foráiltear in Alt 12 den Acht d'ullmhú treoirínte ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus lena n-eisiúint chuig comhlachtaí poiblí chun cabhrú le hullmhú na ndrúachtscéimeanna. Drúachtaíodh an scéim seo ag féachaint go cuí do na treoirínte sin.

Tuigimid gur gá a chinntiú go sásóidh na seirbhísí a chuirimid ar fáil riachtanais na ndaoine, na ngrúpaí agus na bpobal a bhfreastalaímid orthu agus go gcuireann siad lena saol. Aithníonn Gailearaí Náisiúnta na hÉireann go bhfuil sé de cheart ag an bpobal roghnú a ngnó a dhéanamh sa teanga is fearr leo agus go bhfreastalófar orthu agus iad ag déileáil linne, cibé acu i mBéarla nó i nGaeilge a bhíonn an déileáil sin. Toisc gurb í an Ghaeilge an teanga náisiúnta agus chéad teanga oifigiúil an stáit, táimid tiomanta do sheirbhís phoiblí ar ardchaighdeán a sholáthar trí Ghaeilge, faoi mar a cheadaíonn ár n-acmhainní dúinn sin a dhéanamh.

D'fhoilsigh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann roinnt fógraí poiblí faoi Alt 13 den Acht, ag tabhairt cuireadh d'aon pháirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh i ndáil le hullmhú na drúachtscéime faoi Alt 15. Bhí fógraí dátheangacha san áireamh leis an méid sin, ar láithreán gréasáin Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann agus ar na meáin shóisialta Facebook agus Twitter, i mí Lúnasa 2016, agus fógra ar www.Tuairisc.ie, lena scaipeadh ar phobal na Gaeilge.

Forbraíodh an Scéim ag féachaint don phróiseas comhairliúcháin seo, agus do thuairimí cuairteoirí a roinn a gcuid tuairimí linn trí chlár aiseolais Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann. Cuireadh san áireamh chomh maith, moltaí na mball

foirne i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann maidir leis an socrú atá ann faoi láthair i dtaobh seirbhís Ghaeilge a bheith ar fáil agus cumas daoine í a chur ar fáil. Tá Gailearaí Náisiúnta na hÉireann buíoch do gach duine a bhí bainteach leis an bpróiseas as a oiread ama agus dúthrachta a chaitheamh leis.

Le linn an tríú scéim, athosclófar Gailearaí Náisiúnta na hÉireann go hiomlán agus táimid ag súil le cur lenár seirbhísí dátheangacha chun Eispéireas na gCuariteoirí a fheabhsú.

Comhthéacs na Scéime Gaeilge 2016 - 2019

Tá Gailearaí Náisiúnta na hÉireann tiomanta d'aidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 méid agus caighdeán na seirbhísí a sholáthraítear don phobal trí Ghaeilge a fheabhsú le haimsir.

Tugadh líon áirithe tiomantas sa chéad dá scéim de chuid Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann leibhéal na seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú. Chuathas i ngleic sna tiomantais seo le comharthaíocht Ghaeilge, lipéadú, litríocht, stáiseanóireacht, turais, clostreoracha saor in aisce, an láithreán gréasáin, comhfhreagras ríomhphoist, an siopa leabhar, áiseanna taighde, fógraí poiblí agus oiliúint do bhaill foirne. Ba é ab aidhm leis an méid sin go léir ná go mbeadh ar ár gcumas freastal níos fearr a dhéanamh ar chuariteoirí atá ag iarraidh déileáil linn i nGaeilge. Tá tiomantais an tríú scéim ag brath ar thiomantais an chéad dá scéim a bheith curtha i gcrích. Is é cuspóir an tríú scéim ná leanúint orainn ag cur na dtiomantas sin i gcrích maidir le leibhéal na seirbhísí a chuirfear ar fáil i nGaeilge fad a mhairfidh an scéim seo. Féachtar le cur le hEispéireas na gCuariteoirí sa scéim seo chomh maith, agus leanfar de bheith ag cinntiú go bhfreastalófar ar dhaoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

Le linn do na scéimeanna eile a bheith ann agus le linn dúinn an scéim seo a ullmhú, rinneamar athbhreithniú agus meastóireacht ar úsáid leanúnach ár gcuid seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge. Ar na seirbhísí a ndearnadh athbhreithniú agus meastóireacht orthu, bhí turais threoraithe a cuireadh in áirithe i nGaeilge, an úsáid a baineadh as na clostreoracha saor in aisce i nGaeilge, a oiread éilimh a bhí ar acmhainní clóite i nGaeilge, agus a oiread cumarsáide a rinneadh linn i nGaeilge agus cineál na cumarsáide sin. Ba é a tugadh le fios dúinn de bharr na meastóireachta seo nach bhfuil mórán daoine ag baint leasa as seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge. Mar sin féin, tá Gailearaí Náisiúnta na hÉireann antiomanta go deo méid agus caighdeán na seirbhísí a sholáthraítear don phobal trí Ghaeilge a fheabhsú le haimsir agus admhaímid go bhfuil tábhacht le prionsabal na 'tairisceana dearfaí' agus sinn ag cur in iúl don phobal go bhfuil ár gcuid seirbhísí ar fáil i nGaeilge.

Cuid 3 - Tosach na Scéime

Tá an scéim seo daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Cuirfear tús leis an Scéim ar 20ú

Feabhra 2017 agus fanfaidh sí i bhfeidhm go ceann tréimhse trí bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire de bhun alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

Cuid 4 - Forbhreathnú ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann

Bunaíodh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann sa bhliain 1854 faoin *National Gallery of Ireland Act*, lenar foráladh *'the establishment of a National Gallery of paintings, Sculpture and the Fine Arts...in Dublin'*. Leathnaíodh an fhoráil sin san Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, chun 'eolas ar na hamharc-ealaíona, taobh istigh nó taobh amuigh den Stát, a mhéadú agus a scaipeadh ar cibé slí inar dóigh leis [an mBord] a bheith cuí'.

Is léiriú é Ráiteas Físe agus Misin Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann ar a phríomhchuspóir. Is é misean Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann cúram a dhéanamh den ealaíon, brí a bhaint aisti, í a fhorbairt agus a chur os comhair an phobail sa tslí is go mbeidh sceitimíní ar dhuine agus é ag tabhairt cuairte ar an nGailearaí. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar fhís, ar mhisean agus ar ghníomhaíochtaí an Ghailearaí ar www.nationalgallery.ie

Is iad buntacaí Phlean Straitéiseach Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, a bheidh i bhfeidhm le linn théarma na scéime:

Cnuasaigh

- Aire a thabhairt don chnuasach náisiúnta agus é a chosaint
- An cnuasach a bhainistiú agus cur leis ionas go mbeidh sé ábhartha agus gur furasta teacht chuige

Idirchaidreamh leis an bPobal

- Eispéireas den scoth a chur ar fáil do chuairoteoirí sa Ghailearaí agus ar líne
- Gach duine agus gach grúpa a spreagadh chun eolas, aithne agus tuiscint a fháil ar an ealaíon agus an méid sin a chur chun cinn ar bhealach measúil, áit a gcaitear mar a chéile le cách

Forbairt

- Clár Maoinithe an Ghailearaí a fhorbairt trí chomhpháirtíochtaí gníomhacha le lucht tacaíochta agus le deontóirí an Ghailearaí a bhaineann le réimse leathan earnálacha agus ceantar tíreolaíochta
- Inrochtaineacht agus inmharthanacht an Ghailearaí a leathnú trí obair i gcomhar a dhéanamh le dreamanna eile

Seirbhísí Corparáideacha

- Creat Rialachais Corparáidigh a fhorbairt
- Fórsa oibre eolach, solúbtha agus éifeachtach a chothú i dtimpeallacht ina gceiliúrtar comhionannas, cuimsiú agus éagsúlacht
- A chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ag an nGailearaí agus próisis agus córais ann atá in ann feidhmiú mar is ceart

- A chinntiú go mbeifear ullamh d'athoscailt an Ghailearaí, ag réiteach le haghaidh Chéim 4
- agus lánúsáid na spásanna sa Ghailearaí
- Eolas agus tuairisciú breisithe a chur ar fáil do gach páirtí leasmhar maidir le gníomhaíochtaí an Ghailearaí

Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí a rialaíonn Gailearaí Náisiúnta na hÉireann. Is é an tAire Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta a cheapann iad. Dílsítear bainistíocht feidhmiúcháin Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann don Stiúrthóir, a cheapann an Bord.

Is i gCearnóg Mhuirfean atá Gailearaí Náisiúnta na hÉireann lonnaithe, agus osclaíodh ar dtús é sa bhliain 1864. Cuireadh síneadh leis an mbun-Ghailearaí (Sciathán Dargan) sa bhliain 1903 (Sciathán Bhaile an Mhuilinn), i 1968 (an Gailearaí Thuaidh, anois Sciathán Beit) agus in 2002 (Sciathán na Mílaoise). Is í Oifig na nOibreacha Poiblí, i gcomhar le lucht bainistíochta an Ghailearaí, atá freagrach go príomha as na foirgnimh.

Anuas ar chnuasach mór ealaíne de chuid an iarthair a choinneáil, cnuasach a bhfuil samplaí de shaothar ealaíontóirí máistriúla agus saothar a bhaineann leis na scoileanna tábhachtacha go léir, is i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann atá an cnuasach is tábhachtaí ar domhan maidir le healaín na hÉireann. Tá go leor gradam bainte ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus a ainm in airde as ucht na dtaispeántas speisialta a bhíonn ann, na cláir oideachais, saorchead isteach agus an fiúntas atá leis ar bhonn ailtireachta.

Cuid 5 - Tiomantais atá ann cheana maidir le Seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge, sa dá theanga agus i mBéarla

Tá Gailearaí Náisiúnta na hÉireann tiomanta do sheirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil i nGaeilge agus/nó sa dá theanga dá chuid cuairteoirí. Leagtar amach go mionsonrach sna bearta seo a leanas a bhfuil ar siúl ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann i láthair na huairé chun a chinntiú go gcuirtear seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil i nGaeilge agus/nó sa dá theanga dár gcuariteoirí go léir.

I láthair na huairé, cuireann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann réimse leathan seirbhísí poiblí ar fáil i nGaeilge agus sa dá theanga. De réir Chairt Custaiméirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, cairt a glacadh in 2006, is é beartas Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann ná féachaint le seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil sa chás go n-iarrtar seirbhís dá leithéid. Is léiriú iad na seirbhísí eolais atá ann faoi láthair gur as tíortha éagsúla daoine a thagann ar cuairt chuig an nGailearaí.

Faoin gCairt do Chustaiméirí, tá Gailearaí Náisiúnta na hÉireann tiomanta do:

- Seirbhís mhaith a chur ar fáil do chuariteoirí.
- Cnuasach náisiúnta ealaíne spreagúil a thaispeáint agus a bhainistiú.

- Seirbhís eolais agus oideachais den scoth a chur ar fáil.
- Baill foirne eolasacha, oilte a chur ar fáil.
- Áit shábháilte a dhéanamh den Ghailearaí do chách, agus teacht ag an uile dhuine air.

Déantar an t-eolas agus na seirbhísí go léir a thairgtear faoi láthair a chur ar fáil sa dá theanga nuair is féidir sin. Má mheastar go bhfuil an iomarca costais ag baint le tionscadal dátheangach in aon chás ar leith de bharr srian a bheith ar mhaoiniú i láthair na huaire, leanfaidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann de sheirbhísí a chur ar fáil ar bhealaí éagsúla más féidir, de réir mar is rogha leis.

1. Ábhar clóite

Nuachtlitir ráithiúil a ullmhaíonn Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Tá blúiríní Nuachta faoin nGailearaí anseo agus bíonn na ceannteidil i nGaeilge agus i mBéarla.

Bileoga Eolais faoi thaispeántais shealadacha

Déantar an leagan Gaeilge de ráiteas bunaidh Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann a leabú sa téacs nuair a bhíonn sé i mbileog.

Buntreoir maidir le Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Rinneadh an Bhuntreoir a athfhoilsiú in 2009. Bhí an leathanach tosaigh agus an réamhrá ann i nGaeilge agus i mBéarla.

Eolas ar shaothair ealaíne sa Chnuasach Buan agus sna taispeántais shealadacha

Maidir leis an gCnuasach buan, bíonn teidil sa dá theanga de réir mar is cuí, mar aon leis na bileoga ina bhfuil sleachta tuairisciúla ar na pictiúir ar fad. Bíonn na bileoga seo le feiceáil breá soiléir sna gailearaithe agus is féidir iad a fháil ag an Deasc Eolais chomh maith.

Maidir le cnuasaigh shealadacha, nuair a bhíonn na hacmhainní ann chuige, cuirtear bileog eolais ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ina bhfuil na teidil agus na sleachta tuairisciúla sa dá theanga. Is éard is taispeántais shealadacha ann ná iad sin a bhíonn ann níos lú ná sé mhí.

Stáiseanóireacht inmheánach agus sheachtrach an Ghailearaí

Is sa dá theanga a bhíonn ainm Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann ar cheann litreacha, ar dhuillíní dea-mhéin, ar chártaí gnó agus ar chártaí nóta inmheánacha.

Tuarascálacha Bliantúla

Foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.

Clostreoracha Saor in Aisce

Cuirtear Gaeilge ar ocht bpíosa is caoga atá sa chnuasach agus cuirtear an méid sin ar fáil saor in aisce do chuairoteoirí.

Bileoga téacs mhóir

Tá bileoga téacs mhóir ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla i bhformhór na seomraí taispeántais.

Cártaí Tráchtá

Cuireann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann cártaí tráchtá aiseolais ar fáil i nGaeilge agus freagraíonn aiseolas a thugtar i nGaeilge trí mheán na teanga sin.

2. Seirbhísí atá ar fáil don phobal

Seirbhísí ag an gCuntar Fáilte

Is le baill foirne ag an Deasc Eolais, Oibríthe Deonacha, Fáilteoirí agus Freastalaithe is túisce a chasann an pobal agus iad ar cuairt.

- Tá Seirbhísí Eolais ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge. Tá Gaeilgeoir líofa ar fáil chun seirbhís a chur ar fáil ag an Deasc Eolais ach é a iarraidh.
- Is minic a bhuaileann Oibríthe Deonacha ag na Deasca Eolais leis an bpobal agus is féidir leo roinnt comhrá a dhéanamh i nGaeilge, nó cuairteoirí a chur i dtreo na mball foirne cuí sa Ghailearaí má dhéantar iarratas gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.
- Tá oiliúint curtha ar Oibríthe Deonacha na Deisce Eolais ionas gur féidir leo beannú do Ghaeilgeoirí agus ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith acu a fhreagairt i nGaeilge.
- Tugtar ainm Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann i nGaeilge agus i mBéarla ar chomharthaíocht agus i bhfreagraí ó bhéal nuair is cuí agus nuair is indéanta sin.
- Meabhraítear dár mbaill foirne faoi na hoibleagáidí atá orainn faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus faoin Scéim Gaeilge agus déantar soiléiriú do na baill sin faoi na hoibleagáidí úd go rialta.
- Féachaimid le téacs a chur ar fáil i nGaeilge in ábhar poiblíochta agus eolais nuair is praiticiúil é.
- Leanfaidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann d'eolas ar acmhainní Gaeilge a chur ar fáil go réidh do na baill foirne go léir, mar aon leis an liosta beannachtaí agus gnáthchora cainte Gaeilge atá le fáil ag na Deasca Eolais.
- Tá bileog ghairid curtha le chéile againn ina bhfuil achoimre ar ár seirbhísí Gaeilge. Tá an bhileog ar fáil ag an bhfáiltiú. Is féidir í a fháil ag na Deasca Eolais, an Deasc Fáilte agus is Seomra na gCótaí. Is bealach é le haird daoine a tharraingt ar sheirbhísí áirithe atá ar fáil trí Ghaeilge.

Córais Fógraí Poiblí

Sa dá theanga a bhíonn na Fógraí Poiblí a dhéantar ó lá go lá.

Turais Threoraithe

Cuirimid Turas Treoraithe ar fáil agus is cainteoir líofa Gaeilge an té a thugann an turas sin. Is féidir an tseirbhís seo a fháil ach í a iarraidh le haghaidh turas a chuirtear in áirithe. Tá Gailearaí Náisiúnta na hÉireann tiomanta do thionscnaimh chultúrtha a chur chun cinn, áit a dtacaítear le húsáid na Gaeilge agus a spreagar í. Leanfaidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann de bheith ag glacadh páirte in imeachtaí a eagraítear le linn Sheachtain na Gaeilge; bíonn Turas Bliantúil i nGaeilge le fáil i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann nuair a bhíonn comóradh náisiúnta ar bun.

Seirbhísí taighde

Is éard atá i gceist le háiseanna taighde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann ná Leabharlann na Mínealaíne, an tlonad um Léann na hEalaíne in Éirinn, Cartlann Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann agus Cartlann Yeats. Is féidir leis an bpobal na háiseanna seo a úsáid. Tá roinnt ábhar Gaeilge sna cnuasaigh thaighde agus tá sé mar bheartas againn ábhar Gaeilge foilsithe agus neamhfhoilsithe a bhaineann leis na cnuasaigh seo a bhailiú.

An Siopa Leabhar

Díolaimid cártaí beannachta de réir séasúir agus teachtaireacht orthu i nGaeilge, mar aon le roinnt bheag leabhar do leanaí i nGaeilge i siopa Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.

An Láithreán Gréasáin

Tá ceanteidil agus roinnt ábhair a bhaineann leis an institiúid, a cnuasach, a cuid clár poiblí agus eolas faoi chuairt a thabhairt ar fáil sa dá theanga ar an láithreán gréasáin. Tá rogha ag an léitheoir ábhar a léamh i nGaeilge ar phríomhleathanaigh láithreán gréasáin an Ghailearaí ar cuid bhuan den láithreán iad. Tá ráiteas bunaidh Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann i nGaeilge ar an láithreán gréasáin freisin. Tá nóta ar an láithreán gréasáin, áit a gcuirtear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge.

Córais ríomhaireachta

Is féidir le haon chórais ríomhaireachta a dhéantar a shuiteáil de réir mar is cuí an Ghaeilge a láimhseáil. Déanfar córais atá ann cheana a chur in oiriúint don teanga, más gá, an chéad uair eile a bheidh obair chothabhála nó uasghrádaithe á déanamh. Níl sainchórais bhainistíochta agus bailiúcháin atá ann cheana san áireamh anseo. Ó tharla go bhfuil mórcheisteanna a bhaineann le cúrsaí teicnice agus cúrsaí acmhainne i gceist, rachaidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann i ngleic leis an gceist seo san fhadtéarma.

3. Comharthaíocht

Comharthaíocht Sheachtrach

Bíonn an leagan Gaeilge d'ainm Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann an-fheiceálach ar chomharthaí seachtracha atá ann agus ar bhealach isteach an Ghailearaí.

Comharthaíocht Inmheánach

Tá an chomharthaíocht bhuan uile sa dá theanga agus aithnítear ann seomraí éagsúla i bhfoirgnimh, cnuasaigh, áiseanna, treoirlínte do chuairoteoirí agus eolas ginearálta. Tá socruithe déanta le gur féidir comharthaí oibríochta sealadacha dátheangacha nó comharthaí oibríochta sealadacha Gaeilge a chrochadh in airde de réir mar is cuí.

4. Cumarsáid Scríofa

Cruinnithe agus Ceapacháin

Déantar sáriarracht cruinnithe/ceapacháin a reáchtáil trí mheán na Gaeilge má iarrtar sin.

Litreacha agus comhfhreagras ríomhphoist

Is i nGaeilge a fhreagraítear an uile chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge.

5. Measúnú ar éileamh

Déanann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann measúnú ar an éileamh atá ar sheirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge. Cuireann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann cártaí tráchta aiseolais ar fáil i nGaeilge agus freagraíonn aiseolas a thugtar i dtaobh seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge. Cuirfear i Scéim 2016 - 2019 leis na seirbhísí atá ar fáil cheana i nGaeilge. Aithnítear ann na réimsí inar féidir na seirbhísí Gaeilge a fheabhsú agus cuirtear i bhfearas struchtúir chun an méid sin a bhaint amach.

Leanann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann de bheith ag úsáid an aiseolais seo ón scéim a bhí ann roimhe seo agus de bheith ag úsáid an mheasúnaithe mar threoir i dtaca le seirbhísí trí Ghaeilge sa Ghailearaí a fhorbairt agus tús áite a thabhairt dóibh. Ní mór a rá go gcuirtear acmhainní teoranta san áireamh leis an mbeartú tosaíochta seirbhísí seo chomh fada is a bhaineann le cumas daoine i nGaeilge.

Cuid 6 - Sceideal na seirbhísí atá beartaithe fad a mhairfidh an Scéim nua Réamhrá

Tá forbairt déanta ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ar a chumas seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge leis an chéad dá Scéim. Baineadh an méid sin amach in ainneoin go raibh obair á déanamh sa Ghailearaí mar chuid den Chlár Forbartha Máistreacht. Sa scéim seo, 2016-19, cuirfear béim ar leanúint leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge cheana, cur leo agus iad a fheabhsú. Cuimhnítear nach bhfuil céim reatha athchóiriú Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann tugtha chun críche fós ach go dtabharfar chun críche í sula dtiocfaidh deireadh leis an scéim nua. Is mar gheall ar an athoscailt a bheifear in ann aon mhórsheirbhísí nua a fhorbairt, Seirbhísí Dátheangacha san áireamh.

D'éirigh linn sa chéad dá scéim bunseirbhísí Gaeilge a fhorbairt a bhaineann le cumarsáid ó bhéal nó i scríbhinn a dhéanamh go cumasach. Tá Gailearaí Náisiúnta na hÉireann tar éis féachaint le haird an phobail a dhíriú ar a chuid

seirbhísí i nGaeilge, an Ghaeilge a dhéanamh níos sofheicthe ina chuid spásanna poiblí, agus ar líne. Cé go bhfuil srianta orainn le blianta beaga, de bharr seomraí a bheith á ndúnadh agus bac a bheith orainn baill foirne a earcú, ní fhágann sin nach bhfuilimid chomh tiomanta céanna do sheirbhísí ardchaighdeáin i nGaeilge a fhorbairt a shásóidh riachtanais phobal na Gaeilge.

Cé go gcuirimid cultúr dearfach chun cinn sa Ghailearaí i dtaca le húsáid na Gaeilge, tá dúshlán ama agus acmhainne ag baint le cumas teanga na mball foirne a fhorbairt. Lena chois sin, baineann an cheist maidir lena oiread ba cheart seirbhísí idirphearsanta a fhorbairt, leis an éileamh atá ar na seirbhísí sin, agus is sainseirbhísí go leor de na seirbhísí sin. Cuireann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann réimse leathan seirbhísí ar fáil faoi láthair, ó thaobh teacht a bheith ag an bpobal ar an gcnuasach, taispeántais shealadach, áiseanna taighde, turais Ghaeilge agus clostreoracha saor in aisce. Tá fairsinge agus caighdeán na seirbhísí a thairgtear i ngreim ag srianta atá ar acmhainní, idir acmhainní airgid agus acmhainní daonna.

Bealaí a bhfuil sé beartaithe seirbhísí a fheabhsú, 2016- 2019

Tugann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann a chuid tiomantas uile i dtaobh seirbhísí a fheabhsú i bhfianaise a staid reatha a bhfuil cur síos air sa Réamhrá thuas. Caithear a rá go bhféadfaí go gcuirfí isteach ar na tiomantais seo de bharr athruithe airgeadais agus foirne a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, rud nach bhfuil aon neart ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann air.

An Deasc Fáilte:

Leanfar d'oiliúint a chur ar bhaill foirne a fhreagraíonn an fón agus atá ag obair ag an deasc fáilte d'fhonn a chur ar a gcumas ainm Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla, sa tslí is go mbeidh siad ábalta bunseirbhís fáilte a chur ar fáil trí Ghaeilge agus, ina dhiaidh sin, a bheith in ann pobal a chur i dtreo baill foirne oiriúnacha má theastaíonn ó chuairteoir a chuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Déanfar liosta nuashonraithe de bhaill foirne atá in ann seirbhís a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge a sholáthar d'fhoireann an lasc-chláir. Beidh teacht ar an liosta seo ag baill foirne shealadacha chomh maith. Tiocfaidh sé seo i gceist le linn gnáthuaireanta oscailte an ghailearaí.

An Láithreán Gréasáin:

Le linn don tríú Scéim a bheith ann, cuirfimid leis an méid ábhar buan atá ar an láithreán gréasáin i nGaeilge. Ní bhaineann an tiomantas le hábhar buan* a dteastaíonn athruithe bogearra lena aghaidh (*tagraíonn ábhar buan don eolas ginearálta atá ar fáil i bpríomhlimistéar téacs leathanaigh gréasáin). Beidh eisceacht ann sa chás nach féidir seo a dhéanamh de bharr costais, méide, leagan amach nó chineál an ábhair a theastaíonn.

Beidh ráiteas le feiceáil breá soiléir ar an leathanach ábhartha den láithreán gréasáin, á rá go bhfuil fáilte roimh chomhfhreagrais i nGaeilge. Cinnteoidh

Gailearaí Náisiúnta na hÉireann go ndéilfeálfar le comhfhreagras dá leithéid go pras.

Córais ríomhaireachta

Is féidir le haon chórais ríomhaireachta a dhéantar a shuiteáil de réir mar is cuí an Ghaeilge a láimhseáil. Déanfar córais atá ann cheana a chur in oiriúint don teanga, más gá, an chéad uair eile a bheidh obair chothabhála nó uasghrádaithe á déanamh. Níl sainchórais bhainistíochta agus bailiúcháin atá ann cheana san áireamh anseo. Ó tharla go bhfuil mórcheisteanna a bhaineann le cúrsaí teicnice agus cúrsaí acmhainne i gceist, rachaidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann i ngleic leis an gceist seo san fhadtéarma.

Comharthaíocht

Sásóidh ár gcuid Comharthaíochta agus Treochomharthaíochta gach riachtanas reachtúil.

Ábhar poiblíochta

Leanfar d'ábhar poiblíochta, lena n-áirítear póstaer, bileoga eolais, agus fógráin a scaiptear i ndáil leis an gcnuasach, a chur ar fáil sa dá theanga. Beidh eisceacht ann sa chás nach féidir seo a dhéanamh de bharr costais, méide, leagan amach nó chineál an ábhair. Cuirfear an méid seo ar fáil ar bhonn leanúnach chomh fada is a mhairfidh an Scéim.

Seirbhísí i nGaeilge a Chur Chun Cinn

Féachfaidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann lena chuid gníomhaíochtaí Gaeilge a chur chun cinn trí eagraíochtaí ar nós Foras na Gaeilge. Féachfaidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann le leas a bhaint as ábhar dátheangach ar a chuid scáileán poiblíochta / plasma.

Seirbhísí Eolais

Cinntoidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann go mbeidh baill foirne in ann teacht go réidh ar eolas agus ar acmhainní teanga, lena n-áirítear rochtain réidh ar acmhainní idirlín amhail www.Tearma.ie agus www.Teanglann.ie.

Is féidir liosta beannachtaí agus gnáthleaganacha cainte Gaeilge a fháil ag na Deasca Eolais agus déanfar iad sin a uaslódáil.

Tá bileog eolais ghairid fágtha againn ag an Deasc Eolais agus ag an deasc fáilte agus tá eolas sa bhileog sin ar na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge. Is é an aidhm atá leis ná próifíl na Gaeilge i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann a ardú agus aird an phobail a tharraingt ar sheirbhísí áirithe atá ar fáil sa teanga sin.

Turais Threoraithe

Leanfaimid orainn ag cur Turas Treoraithe ar fáil agus is cainteoir líofa Gaeilge an té a thabharfaidh an turas sin. Is féidir an tseirbhís seo a fháil ach í a iarraidh le haghaidh turas a chuirtear in áirithe. Tá Gailearaí Náisiúnta na hÉireann tiomanta do thionscnaimh chultúrtha a chur chun cinn, áit a dtacaítear le húsáid na Gaeilge agus a spreagtar daoine le hí a labhairt, agus scaipfear eolas i

dtaobh na dturas Gaeilge ar Ghaelscoileanna. Leanfaidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann de bheith ag glacadh páirte in imeachtaí a eagraítear le linn Sheachtain na Gaeilge; bíonn Turas Bliantúil i nGaeilge le fáil i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann nuair a bhíonn comóradh náisiúnta ar bun.

Bileoga Oibre a Chur ar Fáil

Déanfaimid nuashonrú ar bhileoga Oideachais agus leanfaimid orainn á gcur ar fáil do chuartheoirí i nGaeilge. Beidh siad ar fáil ag an Deasc Eolais agus ar líne.

Foilseacháin Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Foilseoidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann treoirleabhar ar an gcnuasach in 2017 go hiomlán i nGaeilge. Beidh sé seo ar díol i siopa an Ghailearaí ón dáta a n-athosclofar an Gailearaí ina iomláine in 2017.

Déanfaimid Gailearaí Náisiúnta na hÉireann cáipéisí a thagann faoi Alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a sholáthar sa dá theanga. Is iad na cáipéisí sin, Tuarascálacha Bliantúla, Cuntais Iniúchta, an Ráiteas Straitéise agus an Chairt do Chustaiméirí. Déanfar foilseacháin a bhaineann le cúrsaí ealaíne agus foilseacháin eile nár luadh thuas agus nach bhfuil aon tagairt dóibh in aon chatagóir eile a bhreithniú lena bhfoilsíú sa dá theanga ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ar bhonn cáis ar chás, ag féachaint go cuí do chostas agus do cheisteanna a bhaineann le leas an phobail. Má mheastar costas foilseachán dátheangach a bheith iomarcach de bharr mhéid an fhoilseacháin, nó má mheastar nach bhfuil sé inmharthana ar bhonn tráchtála nó eacnamaíochta, féadfaidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann roghnú achoimre feidhmiúcháin / réamhrá / achoimre a fhoilsíú sa dá theanga. Leanfar leis sin sa scéim reatha.

Iarratas ar thairiscintí

Leanfar d'iarratais ar thairiscintí a dhéanamh i mBéarla amháin, mura mbainfidh an tairiscint féin le ceist Gaeilge.

Oiliúint na foirne agus Forbairt Oibríthe Deonacha

Aithníonn Gailearaí Náisiúnta na hÉireann an tábhacht a bhaineann le foireann ardoilte a bheith aige chun seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil a chur ar fáil. Tá infheistíocht mhór san oiliúint agus san forbairt i gceist leis an méid seo. Cuirfidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann cúrsaí oiliúna Gaeilge ar fáil don fhoireann go léir, de réir mar is cuí.

Cuirfidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann feasacht teanga san áireamh mar chuid d'ionduchtú agus mar chuid de chúrsaí oiliúna d'fhonn a chinntiú go dtuigeann baill foirne agus oibríthe deonacha cén fáth a bhfuil beartas Gaeilge i bhfeidhm, comhthéacs agus cúlra an bheartais agus, ar deireadh, chun a chinntiú go gcuirtear baill foirne ar an eolas faoi conas a fheidhmeoidh an beartas.

Déantar liosta de bhaill foirne, ar féidir teagmháil a dhéanamh leo sa chás go n-éilítear seirbhís i nGaeilge, a chur ar fáil don Fhoireann, d'Intéirigh agus

d'Oibrithe Deonacha. Leanfaidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann de bheith ag comhlíonadh na dtiomantas seo fad a mhairfidh an tríú Scéim.

Litreacha agus cumarsáid scríofa eile

Leanfar d'ábhar scríofa Gaeilge a fhreagairt i nGaeilge. I nGaeilge a scríobhfaidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann chucu siúd a bhfuil a fhios gur fearr leo comhfhreagras a fháil i nGaeilge.

Cuirfimid leis an líon ball foirne a úsáideann Gaeilge i dteidil phoist agus i dteidil rannóige i gcomhfhreagras ríomhphoist.

Cuid 7 - Monatóireacht agus Athbhreithniú na Scéime

Leanfaimid orainn ag déanamh monatóireachta ar an éileamh ar sheirbhísí Gaeilge le linn an tríú Scéim le súil is go mbeidh an soláthar seirbhísí i nGaeilge ag teacht leis an éileamh a thagann chun solais.

Measfar an dul chun cinn a dhéanfar i dtaobh réimsí éagsúla na Scéime ar na bealaí seo a leanas:

- Monatóireacht a dhéanamh ar an méid a chuireann an pobal in iúl mar aiseolas do Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann;
- cártaí tráchta;
- freagraí i scríbhinn agus ó bhéal;
- agus suirbhéanna ó thréimhse go tréimhse.

Aithneofar agus admhófar moltaí agus déanfar iad a bhreithniú de réir mar is cuí.

Déanfaidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann monatóireacht ar thuairimí na mball foirne i leith na Scéime, cumas na mbaill foirne agus comhlíonadh réimsí éagsúla na Scéime ag na baill foirne. Lena chois sin, déanfar measúnú ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na Scéime i dTuarascáil Bhliantúil Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Bainisteoirí líne atá freagrach as cur i bhfeidhm na Scéime ina réimsí féin is mó a dhéanfaidh monatóireacht ar an Scéim ó lá go lá agus tuairisceoidh siad chuig Bainisteoir Eispéireas na gCuariteoirí.

Déanfar Athbhreithniú ar an Scéim de réir mar is gá, ach iarraidh scríofa a bheith faighte ón Aire. Déanfar an t-athbhreithniú faoi choimirce rannóg Eispéireas na gCuariteoirí i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann. Leanfar den phróiseas athbhreithnithe ar bhonn leanúnach, ag úsáid na meicníc monatóireachta thuasluaite. Cuirfidh an t-eolas agus na moltaí a thiocfaidh chun cinn ón bpróiseas bonn eolais faoi ábhar aon scéime nua.

Cuid 8 - Foilsiú na Scéime

Mar seo a leanas a fhoilseofar an scéim seo:

- Preasráiteas dátheangach;

- Fógra dátheangach ar láithreán gréasáin Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.
- Trína scaipeadh ar chomhlachtaí cuí Gaeilge, ar ghníomhaireachtaí agus ar dhaoine leasmhara eile
- Bileog ghairid, a bheidh ar fáil ag an Deasc Eolais agus ag an deasc fáilte, ina leagfar amach na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge. Is é an aidhm atá leis ná próifíl na Gaeilge i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann a ardú agus aird an phobail a tharraingt ar an nGaeilge i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Tá cóip den scéim seo curtha ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Béarla den scéim seo an bunleagan.